Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

Scileanna Tuisceana

CC BY NC

Ionchais agus Forléargas



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ionchais











Cur in Aithne



(Cruthaithe ag Microsoft Copilot, Mí na Samhna 2025)

Ainm

Ról sa scoil

Comhthéacs na scoile

Cén comhairle is fearr a bhfuair tú riamh?

Forléargas EFG

Seisiún 1 09:30 - 11:00	• Forléargas ar ról na héisteachta i bhforbairt teanga agus litearthachta • Stór Focal agus Líofacht Léitheoireachta • Na Straitéisí Tuisceana • Measúnú agus Monatóireacht
Sos 11:00 - 11:30	
Seisiún 2 11:30 - 13:00	• Straitéis tuisceana amháin - Tábhacht a Dheimhniú • Na scafaill teagaisc • Na háiseanna ilmhodacha • Tábhacht na scileanna éisteachta i bhforbairt straitéisí tuisceana
Lón 13:00 - 14:00	
Seisiún 3 14:00 - 15:30	• An Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) • Acmhainní ábhartha chun tacú leis an múinteoir • Modhanna measúnaithe agus dul chun cinn • Eispéiris foghlama spraiúla a dhearadh agus a roinnt

Seisiún 1

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:

- Tuiscint shoiléir a fháil ar ról lárnach na héisteachta i bhforbairt teanga na ndaltaí
- An nasc idir stór focal agus líofacht léitheoireachta agus an tuiscint a iniúchadh
- Tuiscint a fhorbairt ar theoiric an scéimre chun cabhrú le léitheoirí óga
- Iniúchadh a dhéanamh ar na straitéisí tuisceana.

Deis Mhachnaimh



Cad é an dúshlán is mó atá agat maidir le scileanna éisteachta sa rang?

Cad iad na straitéisí atá ag múinteoirí/scoileanna chun na scileanna tuisceana a fhorbairt?



Curaclam Teanga na Bunscoile


Gné Element	Teanga ó Bhéal Oral Language	Léitheoireacht Reading	Scríbhneoireacht Writing
Cumarsáid Communicating	**Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird** Engagement, listening and attention	**Rannpháirtíocht** Engagement	**Rannpháirtíocht** Engagement
	Inspreagadh agus rogha Motivation and choice	**Inspreagadh agus rogha** Motivation and choice	**Inspreagadh agus rogha** Motivation and choice
	Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile Social conventions and awareness of others		
Tuiscint Undertsanding	**Struchtúr abairte agus gramadach** Sentence structure and grammar	**Gnásanna cló agus struchtúr abairte** Conventions of print and sentence structure	**Gnásanna cló agus struchtúr abairte** Conventions of print and sentence structure
	Stór focal Vocabulary	**Stór focal** Vocabulary	**Stór focal** Vocabulary
	Léiriú tuisceana Demonstration of understanding	**Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail** Phonics, word recognition and word study	**Litriú agus staidéar ar fhocail** Spelling and word study
		Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach Phonological and phonemic awareness	
Fiosrú agus úsáid Exploring and using	**Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe** Requests, questions and interactions	**Cuspóir, seánra agus guth** Purpose, genre and voice	**Cuspóir, seánra agus guth** Purpose, genre and voice
	Catagóiriú Categorisation	**Tuiscint** Comprehension	**Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs** Writing process and creating text
	Athinsint agus mionléiriú Retelling and elaboration	**Freagairt agus intinn an údair** Response and author's intent	**Freagairt agus intinn an údair** Response and author's intent
	Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach Playful and creative use of language	**Líofacht agus féincheartú** Fluency and self-correction	**Peannaireacht agus cur i láthair** Handwriting and presentation
	Eolas, míniú agus údar a thabhairt Information giving, explanation and justification		
	Cur síos, tuar agus machnamh Description, prediction and reflection		



Cosán Forbartha na hÉisteachta

Naíonáin

Tuiscint ar orduithe simplí, comharthaí bé agus cleachtais "**casadh cainte**" - tuiscint bunúsach a fhorbairt.



Ranganna Sinsireacha

Anailís ar argóintí ó bhéal, difríochtaí idir **fírici** agus **tuairim** – scileanna tuisceana ardleibhéal a fhorbairt.


Éisteacht mar bhunús don tuiscint

An Tréimhse Luathéisteachta	An Tréimhse Éisteachta	An Tréimhse Iar-Éisteachta
?	?	?

Stór Focal

Cuireann an léitheoireacht feabhas ar stór focal na léitheoirí óga, agus má tá stór focal níos fearr acu, rachaidh scileanna léitheoireachta na léitheoirí óga chun cinn níos tapúla.

(Stenson agus Hickey 2019)



Brí na bhFocal
Ní aistriúcháin atá uainn!

Oide








Líofacht agus Féincheartú

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10



féincheartú neamhspleách a dhéanamh.

Proiseáil Éisteachta



Riachtanach d'fhorbairt teanga:
Cabhraíonn le páistí fuaimeanna a thuiscint, a dí-chodú agus a láimhseáil.

Tionchar díreach ar an bhfoghlaim:
Má tá fadhbanna i bproiseáil éisteachta, is féidir leis cur isteach ar scileanna léitheoireachta, teanga, agus dul chun cinn na foghlama acadúla.

Tacaíonn sé le léitheoireacht & scríbhneoireacht:
Ligeann sé do pháistí fuaimeanna a chur le téacs, rud a fhágann go bhfuil léitheoireacht níos réidh agus tuiscint níos éasca.


(Cruthaithe ag Chat GPT, Éanair 2026)

Líofacht Léitheoireachta

Oide

Cruinneas	Is ionann cruinneas agus an cumas formhór focal a aithint i gceart.
Uathléamh	Is ionann uathléamh agus cumas focail a aithint go tapa agus gan stró, ag sábháil fhuinneamh na hintinne i gcomhair tuisceana.
Prosóid	Is ionann prosóid agus rithim agus tuin chainte chuí.

Measúnú na Líofachta

Tá mé ag lorg…		👍 👎	Nóta
Cruinneas			
Uathléamh			
Prosóid	 Léamh le mothúcháin		
	 Ná leigh róthapaidh  *Léigh ag an luas ceart*  Ná leigh rómhall		
	 Frásáil		

Tábhacht na Poncaíochta



Póstaeir ó CCEA




Stop! Stop! arsa an bhean.
Há há! Beir orm, beir orm, más féidir leat, arsa an Buachaillín Sinséir.



Straitéisí Líofa Léitheoireachta

- Léitheoireacht Mhúnlaithe
- Léitheoireacht Macalla
- Críochnaigh an abairt
- Léitheoireacht Cabhrach
- Amharclann na Léitheoirí
- Cogarléitheoir
- Ag Léamh le Toobaloo

Lgh. 38 & 39



Scéimre

Is éard is scéimre ann, ná an t-eolas cúlra, an taithí agus an teanga a thugann léitheoir le téacs.



Siúlóid Scéimire




SRACFHÉACHAINT


Má thugaim sracfhéachaint tapa trí théacs gheobhaidh mé tuairim faoi ábhar an téacs.

Nodanna Úsáideacha

Tá a fhios agam ó srachfhéachaint a thabhairt ar an téacs go.....
Measaim go mbeidh seo úsáideach mar feicim ó na ceann teidil go bhfuil....



Tuiscint




TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM

a Gníomh an pháiste...	b Gníomh an pháiste...	c Gníomh an pháiste...	d Gníomh an pháiste...	e Gníomh an pháiste...	f Gníomh an pháiste...	g Gníomh an pháiste...	h Gníomh an pháiste...	i Gníomh an pháiste...	j Gníomh an pháiste...	k Gníomh an pháiste...
Léiríonn an páiste tuiscint ar chomhartha, siombail nó téacs amháin nó níos mó ar mhaithe le taitneamh nó cuspóirí praiticiúla.	Cuireann an páiste scéal a léigh sé/sí nó eispéireas pearsanta in ord agus é/í ag úsáid 2-3 mharc, líníocht nó mhím. Aimsíonn an páiste rudaí ar leith i scéalta a léitear dóibh agus freagraíonn go neamh-bhriathartha agus/nó go briathartha do ráitis agus do cheisteanna simplí faoi phríomhimeacht nó faoi phríomh-charachtar.	Cuireann an páiste príomhimeachtaí in ord agus é/í ag úsáid líon beag pictiúr. Déanann an páiste tuar faoi scéal i bhfianaise a bhfuil ar an gclúdach tosaigh agus na léaráidí taobh istigh sula léann an múinteoir é agus le linn a léite. Déanann an páiste naisc idir na pointí i scéal agus é/í ag éisteacht leis an múinteoir á léamh, agus baineann sé/sí tátail. Tugann an páiste freagra go neamh-bhriathartha agus/nó go briathartha ar scéalta agus dánta simplí agus cuireann agus freagraíonn ceisteanna faoi na príomh-imeachtaí agus na príomh-charachtair.	Tosaíonn an páiste ar thábhacht an eolais a chinneadh agus athinsíonn príomhphointí scéil in ord. Tuarann an páiste an scéal/topaic bunaithe ar an teideal, agus cruthaíonn íomhánna ina intinn agus é/í ag éisteacht leis an múinteoir ag léamh scéil nó téacs faisnéise. Athinsíonn an páiste scéalta aitheanta go cruinn agus le príomhshonraí agus cuireann ceisteanna faoi imeachtaí, carachtair agus suíomh. Léiríonn an páiste roinnt tuisceana ar théacsanna faisnéise a léann an múinteoir os ard.	Éisteann an páiste le scéalta, dánta agus téacsanna faisnéise agus athinsíonn na príomhphointí agus iad in ord go pointe áirithe. Leasaíonn an páiste tuair i bhfianaise eolais nua agus baineann tátail le linn dó a bheith ag éisteacht le scéalta nó téacs faisnéise. Athinsíonn an páiste ó bhéal na príomhphointí faisnéise i dtéacs léiritheach. Le daoine eile, léann agus pléann an páiste scéalta, dánta, treoracha simplí agus téacsanna faisnéise agus léiríonn tuiscint. Léiríonn an páiste an cumas an scéal a shamhlú in íomhánna agus é/í ag éisteacht leis trína thuair agus a thátail a mhionathrú i rith an scéil agus tríd an scéal a athinsint.	Úsáideann an páiste teanga ó théacsanna chun príomhphointí a insint, mar aon le carachtair agus suíomh, in ord agus cuireann príomhshonraí ó na téacsanna isteach. Taispeánann an páiste eolas ar an struchtúr atá ar raon seánraí téacs insinte agus nós imeachta agus aithníonn bunsmaoineamh nó buntéama téacs. Glacann an páiste páirt i bplé sa rang agus é/í ag tabhairt freagra ar théacs insinte agus léiritheach, cuireann ceisteanna, pléann tuair agus tátail agus soiléiríonn a chuid fáthanna. Baineann an páiste úsáid as eagraithe grafacha simplí chun príomh-phointí a aithint i dtéacsanna léiritheacha.	Úsáideann an páiste teanga ó théacsanna chun príomhimeachtaí a athinsint agus cuireann príomhshonraí san áireamh. Gineann an páiste ceisteanna agus tugann freagra orthu i réimse seánraí, soiléiríonn a chuid freagraí agus tugann údar leo trí thagairt d'eolas a sealbhaíodh roimhe sin. Úsáideann an páiste roinnt gnéithe téacs ar nós chlár na n-ábhar agus focheannteideal chun príomh-phointí eolais i dtéacs a shainaithint agus cuireann sonraí tacaíochta san áireamh trí úsáid a bhaint as eagraí grafach cuí. Pléann an páiste míthuiscint taobh istigh de théacs.	Tugann an páiste achoimre ar na príomhphointí ó raon seánraí, cinneann cé chomh tábhachtach is atá siad agus fágann eolas nach bhfuil riachtanach ar lár. Seicheamhaíonn sé/sí na príomhphointí, déanann a mhachnamh ar an eolas, baineann ciall as agus cuireann sonraí leis. Déanann an páiste neamhaird d'eolas nach mbaineann le hábhar nuair a thugann sé/sí freagra ar cheist, baineann tátail as eolas atá aige/aici cheana agus luann fianaise shonrach téacs chun a chuid freagraí a shoiléiriú agus chun tacú le tuairim faoi leith.	Cinneann an páiste cé chomh tábhachtach is atá eolas agus tugann údar le heolas nach bhfuil tábhachtach a fhágáil ar lár agus é/í ag tabhairt achoimre ar phríomhphointí nó ar phríomhfhíricí. Déanann a mhachnamh ar an eolas agus sintéisíonn é. Léiríonn an páiste roinnt tuisceana go múnlaíonn gnéithe teanga, íomhánna agus stór focal an léirmhíniú a dhéantar ar théacs, agus go bhféadfadh an léirmhíniú sin bheith éagsúil le léirmhíniú daoine eile. .	Fiosraíonn an páiste an chaoi a ndéanann foinsí éagsúla ó na meáin cur síos ar an scéal nó ar an eachtra céanna agus pléann sé/sí é le daoine eile. Aithníonn an páiste an chaoi a mbíonn tionchar ag teanga, íomhánna, agus stór focal ar an mbrí a bhaintear as téacs. Déanann an páiste machnamh ar na straitéisí a úsáideann sé/sí agus póintí eolais á lorg aige/aici.	Déanann an páiste measúnú ar an tionchar a bhíonn ag teanga, íomhánna, stór focal, foinsí, cur i láthair, cultúr, agus féiniúlacht ar an mbrí a bhaintear as téacs. Tarraingíonn an páiste eolas ó fhoinsí agus ó leagain amach éagsúla le chéile agus úsáideann sé/sí an t-eolas sin chun teacht ar a thuairim féin faoi ábhair éagsúla.

Tuiscint - Contanam dul chun cinn

Na Straitéisí Tuisceana





Pas Éalaithe

Luaigh rud amháin a chuaigh i bhfeidhm ort go dtí seo…

Cláraigh ceist amháin atá agat?





Sos tae agus caife
11:00 - 11:30

Seisiún 2

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:

- Machnamh agus Plé a dhéanamh ar conas *Tuiscint Leanaí a Chur Chun Cinn*
- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéis tuisceana amháin – Tábhacht a Dheimhniú
- Tábhacht na Scileanna Éisteachta i bhForbairt Straitéisí Tuisceana
- Acmhainní a fhiosrú chun cabhrú le foghlaim agus teagasc na tuisceana.

Am Léitheoireachta
Leabhar **C**eann **L**ámh

Leabhar

- Cad iad príomh phointí an ailt?

Ceann

- Cad iad na smaointe a spreag an t-alt ionat?

Lámh

- Cén tionchar atá ag an alt seo ar do chur chuige féin?







Straitéisí Tuisceana
Tábhacht a Dheimhniú

Tá tú ag súil go dtu
teachtaireacht ar
príomhpoint

An bhfuil sé tábh
bhfuil sé s





Tábhacht a Dheimhniú Ionchur Teanga



Ceapaim go bhfuil .... agus .... tábhachtach.

Cé, Cad, Cathain, Conas, Cá, Cén Fáth...?

Cuirfidh mé líne faoi na focail is tábhachtaí.

Tábhacht a Dheimhniú
Tábhachtach nó suimiúil?



Beidh ócáid spéisiúil ag Cumann Béaloidis Chonamara in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua oíche Déardaoin. ‘An Dr Elsie Murphy: ón gCeathrú Rua go Príosún Chill Mhaighneann’ teideal na cainte a bheidh ag an an Dr Clíodhna Ní Mhurchú don chomhluadar.


Chaith Elsie Murphy seal ina dochtúir teaghlaigh i mBéal an Daingin i gConamara le linn Chogadh na gCarad, an chéad bhean a d’oibrigh mar dhochtúir sa gceantar. Bhí cúlra láidir poblachtánach ag Elsie agus bhí sí gníomhach i gCumann na mBan. Mar gheall ar a cuid polaitíochta, gabhadh í ar an gCeathrú Rua i 1923 agus chaith sí sé mhí sa bpríosún i mBaile Átha Cliath.

Ón gCeathrú Rua go Príosún Chill Mhaighneann – Tuairisc.ie




Once Upon a Picture


Ceistiú



Tacsanamaíochta Bloom do Cheisteanna

"Cén Fáth" le Patricia Forde





5. Ceisteanna a léiríonn tuiscint ✓

Ceisteanna litriúla

1. Cá raibh mise, Daidí agus Mící ag dul?
2. Cad é a rinne Mící ag an linn uisce?
3. Cé a bhí salach?


Ceisteanna tátalacha

1. Is maith le Daidí an pháirc ag tús an scéil, an maith leis í ag deireadh an scéil?
2. Cad é a shíl Mamaí nuair a tháinig siad ar ais ón pháirc?

Cleite: Taifead Reatha Léitheoireachta

Tábhacht a dheimhniú
Comtháthú leis na straitéisí eile





Straitéisí Tuisceana
Scafaill Teagaisc




























Aistriú Scileanna








Áiseanna ilmhodacha




Leabhair Pictiúir

Podchraoladh
Ón Domhain Thíos



Fiseán gan Focal



Disney Pixar's Snack Attack Gearrscannán 2004

Cén straitéis/straitéisí gur féidir linn a mhúineadh ag baint úsáid as an bhfiseán seo?

Tábhacht na Scileanna Éisteachta i bhForbairt Straitéisí Tuisceana

Oide

Eagrú Imeachtaí Scéil

Aitheantas Mionsonraí Tábhachtach

Cruthú Íomhanna Meabhracha

Príomhfhoghlaim Gníomhaíocht

Oide

1

Breac síos **do phríomhphointí foghlama** ó sheisiún 2.



2

Liostaigh aon **ghníomhartha** ar mhaith leat a chur i bhfeidhm i do scoil féin.



(Cruthaithe ag Microsoft Copilot, Mí na Samhna 2025)

Am Lóin
13:00 - 14:00


Seisiún 3

Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:

- Plé a dhéanamh ar straitéisí chun an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) a chur chun cinn sa seomra ranga
- Spléachadh a fháil ar roinnt acmhainní digiteacha chun tacú le múineadh scileanna éisteachta agus scileanna tuisceana
- Deis a fháil dul i mbun oibre chun eispéiris foghlama spraiúla a chruthú do chomhthéacsanna ar leith.


Gníomhaíocht Éisteachta
Éist agus Tarraingt





An Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (An DUF)

Modhanna éagsúla a dhearadh don Rannpháirtíocht	Modhanna éagsúla a dhearadh don Léiriúchán	Modhanna éagsúla a dhearadh don Ghníomhaíocht agus don Léiriú
Puipéid Gníomhamhráin Frámaí scríbhneoireachta Eagraí Grafacha Roghchláir	I bhfoirm scríofa Ar ghléas teicneolaíochta I bhfoirm phictiúrtha *Lámh* a úsáid Siúlóid Pictiúr	Frámaí Reoite Amharclann na Léitheoirí Smaoinigh agus Mínigh Seicliostaí Foghlama Rúibricí



An Ghaeilge do Gach Duine, lch 7

Deis Mhachnaimh



Conas is féidir liom an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur chun cinn sa seomra ranga?

Spléachadh ar roinnt acmhainní úsáideacha teicneolaíochta

Oide

Immersive Reader

Canva

Oide

Snas ar Scéal!

LéighAnois.com

teanglann.ie

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

féasta focal







abair.ie

scoilnet


Súil thapaidh ar abair.ie








Físghabháil abair.ie




Aistriú Scileanna


Cad iad na féidearthachtaí atá ann an Mata Gramadaí a úsáid chun scileanna gramadaí na ndaltaí a aistriú ó theanga amháin go teanga eile?



An measúnú ar an dul chun cinn



Eispéiris chuí foghlama spraiúla a roinnt



Féach ar na straitéisí tuisceana a luaitear sa leabhrán 'Ag Treorú na Tuisceana'.

Roghnaigh straitéis amháin chun díriú uirthi agus eispéireas foghlama spraiúil á dearadh agat do do rang.



Deis ár ndea-chleachtas a roinnt



Cén t-aoisghrúpa atá i gceist leis an eispéireas foghlama spraíúil seo?

Cad iad na scileanna tuisceana is mó a chuirtear chun cinn?

Ar bhain tú úsáid as aon acmhainn ar leith?

Plé agus Machnamh



Conas is féidir liom an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur chun cinn sa seomra ranga?

Cad iad na hacmhainní atá ann chun scileanna tuisceana na ndaltaí a fhorbairt?

‘Beir leat’-Roghnaigh Eispéireas Foghlama Spraiúla amháin a bhféadfá a úsáid i do rang/scoil féin.

Príomhfhoghlaim

Oide

Beatha teanga í a labhairt;

Buanú teanga í a scríobh;

Bláthú teanga í a léamh.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

Ba mhór againn bhur n-aiseolas

Scileanna Tuisceana

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

Seoltaí r-phoist na CFGanna

Cláraigh dár ngrúpa cleachtais-CÓD MF

eolas@oide.ie

CC BY NC